C/2025/6670

10.12.2025

Fógra maidir le haicmiú comhchuibhithe dé-ocsaíde tíotáiniam mar shubstaint charcanaigineach de chuid Chatagóir 2 trí ionanálú de réir Rialachán (CE) Uimh.1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/6670)

Tar éis roinnt iarratas a fháil (Cásanna T-279/20, T-283/20 agus T-288/20) a uamadh chun críocha an bhreithiúnais, chuir an Chúirt Ghinearálta, trína breithiúnas an 23 Samhain 2022, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún ([1]) ar neamhní go páirteach a mhéid a bhaineann le haicmiú comhchuibhithe agus lipéadú dé-ocsaíde tíotáiniam i bhfoirm púdair ina bhfuil cion 1 % nó níos mó de cháithníní dar trastomhas aeraidinimiciúil cothrom le 10 µm nó níos lú ná sin. Rinne an Fhrainc agus an Coimisiún achomharc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a dhíbh na hachomhairc lena breithiúnas an 1 Lúnasa 2025 i gCásanna Uamtha C-71/23 P agus C-82/23 P. Dá bhrí sin, seasadh le breithiúnas na Cúirte Ginearálta Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 a chur ar neamhní go páirteach.

Mar thoradh air sin, níl dé-ocsaíd tíotáiniam i bhfoirm púdair ina bhfuil cion 1 % nó níos mó de cháithníní dar trastomhas aeraidinimiciúil cothrom le 10 µm nó níos lú ná sin faoi réir aicmiú comhchuibhithe mar shubstaint charcanaigineach de chuid Chatagóir 2 trí ionanálú, toisc go gcuirtear ar neamhní an ró a chomhfhreagraíonn d'uimhir innéacs 022-006-00-2, i bpointe (2)(c) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217.

Thairis sin, meastar na codanna seo a leanas de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 a bheith neamhnithe freisin:

(a) Iarscríbhinn I

(b) Iarscríbhinn II

(c) Iarscríbhinn III Nóta W agus Nóta 10

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 44, 18.2.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/217/oj).